Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Prótacal Idirthréimhseach do Thionscadail Ghaoithe Eischósta i gcomhthéacs an Bhille MPDM

Ullmhaithe ag an An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáidí

1. Cúlra:

Sa Phlean um Ghníomhú ar son na hÁeráide de chuid na hÉireann, leagtar amach sraith gníomhartha a léiríonn conas a dhéanfaimid gach earnáil den ngeilleagar a dhícharbónú. Leagann sé amach uaillmhian chun 70% d'ídiú leictreachais na hÉireann a ghiniúint ó theicneolaíochtaí in-athnuaite faoi 2030. Aithníonn sé go mbeidh ról lárnach ag gaoth eischósta chun an uaillmhian seo a bhaint amach, trína thabhairt le fios go mbeidh 3,500MW ar a laghad de chumas giniúna gaoithe eischósta ag teastáil faoi 2030 chun an uaillmhian leictreachais in-athnuaite 70% a chomhlíonadh. Méadaíodh é seo ina dhiaidh sin sa Chlár Rialtais (PFG) go 5,000MW de ghaoth eischósta ar an gcósta Thoir faoi 2030.

2. Cuspóir:

Is é cuspóir an phrótacail seo treoir a thabhairt don earnáil maidir le hionramháil tionscadail ghaoithe eischósta áirithe ("**Tionscadail Ábhartha**") i gcomhthéacs an Bhille MPDM 2020. Tá an treoir seo chun cur leis an idirphlé fairsing agus leanúnach atá ar siúl cheana leis na forbróirí de Thionscadail Ábhartha den sórt sin.

3. Tionscadail Ábhartha:

Is iad na "Tionscadail Ábhartha" lena mbainfidh an Prótacal Idirthréimhseach seo:

(a) tionscadail ghaoithe eischósta a rinne iarratas ar (agus a rinne dul chun cinn substaintiúil) nó ar deonaíodh léas dóibh faoin Acht um Imeall Trá 1933, arna leasú (An tAcht um Imeall Trá) a bhfuil athruithe ábhartha beartaithe ina leith a ndearnadh iarratas orthu ar dtús agus a ndearnadh measúnú orthu faoi na hAchtanna um Imeall Trá, na hathruithe a éilíonn measúnú breise; agus / nó

(b) tionscadail ghaoithe eischósta a bhfuil comhaontú ceangail bailí acu ón TSO nó a dheimhníonn an TSO go bhfuil siad incháilithe le próiseáil chun tairiscint cheangail bhailí a fháil.

4. An tAcht um Imeall Trá – Bealach Idirthréimhseach an Bhille MPDM:

I bhfianaise an dul chun cinn atá déanta ag Tionscadail Ábhartha agus an gá atá ag an Stát acmhainní gaoithe eischósta a fhorbairt faoi 2030 chun cabhrú leis a spriocanna fuinnimh in-athnuaite a bhaint amach, tá sé beartaithe reachtaíocht a dhéanamh maidir le bealach idirthréimhseach do Thionscadail Ábhartha den sórt sin i mBille MPDM 2020.

Ligfidh an bealach idirthréimhseach seo do Thionscadail Ábhartha iarratas a dhéanamh ar Thoiliú Ceantair Mhuirí (MAC), de réir bhrí an Bhille MPDM 2020, faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha a bheidh i bhfeidhm.

Ligfeadh sé seo do na Tionscadail Ábhartha seo:

- Leanúint le cleachtaí scóipe comhshaoil;
- Leanúint le himscrúduithe agus le suirbhéanna láithreáin;
- Tuarascálacha comhshaoil a ullmhú agus a thabhairt chun críche le dul le hiarratas pleanála.

Níl an bealach idirthréimhseach ar fáil ach do Thionscadail Ábhartha.

Más mian le Tionscadal Ábhartha ceantar breise den Cheantar Muirí a áitiú nach bhfuil faoi réir Léas / Iarratas Imeall Trá atá ann cheana arna dheonú nó arna dhéanamh faoi na hAchtanna um Imeall Trá, ní thabharfar aon MAC maidir le haon ceantar breise den sórt sin. Beidh aon chuid(codanna) breise den cheantar muirí atá á lorg ag Tionscadal Ábhartha faoi réir iarratais nua faoin mBille MPDM.

5. Seasamh na gCeadúnas agus / nó na n-iarratas ar Imscrúdú Láithreáin:

Deonaíodh nó rinneadh iarratas ar roinnt ceadúnas faoin Acht um Imeall Trá le haghaidh oibreacha imscrúdaithe láithreáin. Is de chineál sealadach agus neamh-eisiatach na ceadúnais seo agus ní thugann siad aon cheart do shealbhóir ceadúnais nó d'iarrthóir atá ann cheana maidir le haon iarratais nó áitiú ar an imeall trá amach anseo.

6. Tionscadail ghaoithe eischósta atá beartaithe nach Tionscadail Ábhartha iad:

Ní mór aon tionscadail ghaoithe eischósta atá beartaithe nár forbraíodh nó nach bhfuil á bhforbairt mar a measúnaíodh ar dtús; nó nach Tionscadail Ábhartha iad a chur chun cinn faoin mBille MDPM 2020 atá beartaithe. Ní sholáthrófar aon bhealach idirthréimhseach do na tionscadail seo faoin mBille MPDM 2020.

7. Leas an Phobail:

Is é leas an phobail a shocraíonn ar cheart toiliú a thabhairt do dhuine chun imeall trá a bhaineann leis an Stát a áitiú. D'fhonn léas imeall trá a dheonú i leith aon iarratas atá ann cheana faoi na hAchtanna um Imeall Trá, ní mór don Aire teacht ar an tuairim gur chun leasa an phobail é sin a dhéanamh. Agus a thuairim á chinneadh aige, tabharfaidh an tAire aird ar na breithnithe seo a leanas:

- An tionscadal is ábhar don iarratas;
- Céim forbartha an tionscadail;
- An Plean Forbartha Fuinnimh In-athnuaite Eischósta;
- Córas bainistíochta forbartha nua-aimseartha don imeall trá a bhfuil sé beartaithe foráil a dhéanamh dó faoin mBille um Pleanáil agus Bainistíocht Forbartha Mara 2020; agus
- Beidh an córas rialála nua faoi stiúir an Chreata Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí, a bhfuil a dhréacht faoi chomhairliúchán poiblí faoi láthair.

Is é an beartas reatha, ag féachaint do na breithnithe thuas:

- nach mbeadh sé chun leasa an phobail iarratais ar léas imeall trá atá ann cheana a chinneadh, a mhéid is mian le tionscadal téarmaí na forbartha atá mar ábhar an iarratais a athrú agus go mbeartaíonn an tAire gurb ionann an t-athrú a dhéanamh agus athrú ábhartha a dhéanamh ar théarmaí na forbartha; agus
- nach mbeadh sé chun leasa an phobail glacadh le haon iarratais nua léasa imeall trá do thionscadail feirmeacha gaoithe eischósta / tionscadail ORE faoi na hAchtanna um Imeall Trá nó iad a dheonú.

8. Léasanna Imeall Trá agus Éagmais Fhorbartha:

Sa chás:

(i) gur tugadh Léas Imeall Trá do Thionscadal Ábhartha agus go bhfuil Éagmais Fhorbartha air faoin Léas Imeall Trá sin; agus

(ii) go ndeimhníonn forbróir an Tionscadail Ábhartha sin i scríbhinn don Aire go bhfuil sé i gceist aige leas a bhaint as an mbealach idirthréimhseach faoin mBille um Pleanáil agus Bainistíocht Forbartha, 2020,

ní fheidhmeoidh an tAire aon chearta chun an Léas Imeall Trá sin a fhoirceannadh go hiomlán nó go páirteach mar gheall ar an Éagmais Fhorbartha sin sula gcinnfear an t-iarratas faoin gcóras um Bainistíocht Pleanála agus Forbartha Mara (nuair a achtaítear é) chuig gur tugadh Toiliú Ceantair Mhuirí don Tionscadal Ábhartha faoin mbealach idirthréimhseach. Tabhair le fios go bhfuil sé seo gan dochar d'aon leigheasanna eile atá ag an Aire faoi Léas nó faoi dlí i leith aon sáruithe eile nó neamhchomhlíonadh leis an Léas Imeall Trá.

Sula bhfaigheann aon Tionscadal Ábhartha Toiliú Ceantair Mhuirí faoin gcóras Bainistíochta Pleanála agus Forbartha Mara (nuair a achtaítear é) ní mór don Lessee aon Léas Imeall Trá i leith an Tionscadail Ábhartha sin a ghéilleadh.

9. Fógraí Breise:

Tá cuspóir an phrótacail idirthréimhseach seo leagtha amach ag 2 thuas. Mar sin féin, de réir mar a leanann forbairt an chórais fuinnimh in-athnuaite eischósta amach anseo in Éirinn, déanfar fógraí breise nuair a bheidh an próiseas forbartha beartais comhlánaithe.

Ullmhaithe ag an An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáidí

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland